Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÁNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Ábhar:

Gach Scoil ina Scoil Mhaith: An Bealach chun Tosaigh do Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) agus Chuimsiú – Comhairliúchán Poiblí

Uimhir Chiorcláin:
2009/12

Dáta Eisiúna:
10 Lúnasa 2009

Sprioclucht Léite:

- Múinteoirí
- Príomhoidí agus Boird Gobharnóirí gach scoile;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle Oideachais Imeasctha Thuaisceart Éireann;
- Comhlachas Bhoird Rialaithe na Scoileanna Gramadaí;
- Comhairle na Gaelscolaíochta; agus
- Ceardchumainn Múinteoirí.

Feasacht Ghobharnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Eolas le haghaidh scoileanna

Doiciméid Bhainteacha:
Aon cheann

Achoimre ar an ábhar:

Tugtar réamhfhógra sa chiorclán seo maidir leis na socruithe comhairliúcháin a d'eascair amach as an Athbhreithniú ar Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú.

Fiosrúcháin:

Cuirtear aon fhiosrúcháin mar gheall ar ábhar an Chiorcláin seo chuig:

Doiciméid Chealaithe:

Aon cheann

Dáta Éaga:

31 Deireadh Fómhair 2009

Suíomh Gréasáin ROTE:
http://www.deni.gov.uk

Teil: 028 9127 9863
Facs: 028 9127 9434
Ríomhphost:

An Fhoireann um an Athbhreithniú ar SEN agus Chuimsiú
Seomra G18
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

seninclusion@deni.gov.uk

Gach Scoil ina Scoil Mhaith: An Bealach chun Tosaigh do Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) agus Chuimsiú – Comhairliúchán Poiblí

1. Is éard is aidhm leis an Chiorclán seo ná comhairle a thabhairt do scoileanna agus d'eagraíochtaí oideachais maidir leis na socruithe comhairliúcháin a d'eascair amach as an Athbhreithniú ar Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú.

2. Cuireadh moltaí chun tosaigh san Athbhreithniú, a thosaigh i mí Aibreáin na bliana 2006, d'fhonn gréasán láidir cuntasach tacaíochta a chur i bhfeidhm lena n-aithneofar agus lena gcuirfear tacaíocht ar fáil do riachtanais na bpáistí uile a mbíonn bacainní rompu maidir lena gcuid foghlama.

3. Rinneadh struchtúr an Athbhreithnithe a dhearadh lena chinntiú go mbeadh ról gníomhach ag eochairpháirtithe leasmhara sa phróiseas forbartha. Dearadh an chéim fhoirmeálta comhairliúcháin lena éascú do gach duine atá bainteach cur le múnlú an pholasaithe deiridh.

4. Is féidir maingín comhairliúcháin ina bhfuil an doiciméad comhairliúcháin dar teideal Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Tograí Polasaithe don Bhealach chun Tosaigh do Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) agus Chuimsiú, Leagan do Pháistí agus Dhaoine Óga, an Measúnú Tionchair Chomhionannais a ghabhann leis agus Leabhrán Freagartha Comhairliúchain, a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.deni.gov.uk. Tá líon teoranta cruachóipeanna ar fáil.

5. Cé go nglacfaidh an Roinn le cruachóipeanna comhlánaithe den Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin, b'fhearr linn go ndéanfaí an Leabhrán Freagartha Comhairliúcháin a íoslódáil, a chomhlánú agus a sheoladh ar ais trí ríomhphost chuig seninclusion@deni.gov.uk.

6. Tá sraith cruinnithe poiblí á n-eagrú i láthair na huaire ag an Roinn agus déanfar iad seo a reáchtáil le linn Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair. Déanfar dáta agus ionad na gcruinnithe seo a fhógairt tríd an phreas áitiúil.

7. Cuirtear gach freagra chuig an Roinn faoi 31 Deireadh Fómhair 2009.

Marleen Collins (Dr)
An Fhoireann um an Athbhreithniú ar Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú